IT 47

Duine Fostaithe a Thugann Aire do Dhuine Éagumasaithe

ver 11.09

RPC001604_GA_WB_L_1

PAYE
Aon tráth, aon lá

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Cé atá i dteideal Éilimh?

Féadfaidh tusa, do chéile nó do pháirtnéir shibhialta éileamh a dhéanamh ar fhaoiseamh cánach i leith an chostais duine a fhostú (ar a n-áirítear duine a bhfuil seirbhísí á soláthar dó nó di ag gníomhaireacht nó trí ghníomhaireacht) chun aire a thabhairt -

(a) do dhuine muinteartha (lena n-áirítear tusa, do chéile nó pháirtnéir shibhialta) faoi éagumas iomlán le héiglíocht choirp nó mheabhrach; nó

(b) gaol atá faoi éagumas iomlán le héiglíocht choirp nó mheabhrach. Sa chomhthéacs seo folaíonn gaol, duine gaoil de bharr phósta nó pháirtnéireacht shibhialta agus folaíonn sé duine arb é nó í nó arbh é nó í an t-éilitheoir, caomhnóir dleathach an duine sin.

Aontaíonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhfuil ar áireamh sna seirbhísí á soláthar “ag gníomhaireacht nó trí ghníomhaireacht” na seirbhísí a sholáthraíonn -

(a) eagraíochtaí carthanacha nó deonacha, m.sh. Cumann Alzheimer na hÉireann; agus

(b) eagraíochtaí tráchtála a sholáthraíonn seirbhísí cúram baile.

Nóta - Níl an faoiseach cánach dlite duit áfach más mar choimeádaí tí amháin atá an cúramóir fostaithe, nó má tugadh creidmheas cánach Gaoil Chleithiúnaigh nó creidmheas cánach Linbh Éagumasaithe i leith an churamóra fhostaithe.

Ní cháilíonn aon mhéid a ghnóthaítear ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nó ó údarás áitiúil i leith costas an cúramóir a fhostú le haghaidh faoisimh ó cháin.

Cé méid é an faoiseamh cánach?

Féadfar faoiseamh cánach a éileamh ar an méid is lú den dá mhéid seo a leanas -

(a) an costas iarbhír a thabhaíonn fostú an chúramóra; nó

(b) €50,000 ag an ráta cánach is airde ag an éilitheoir.

Nóta - Bliain chánach 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin

Le héifeacht ó 1 Eanáir 2008, féadfar faoiseamh a cheadú sa chéad bhliain ina gcruthaíonn an t-éilitheoir go raibh sé féin nó sí féin nó gaol leis nó léi faoi éagumas iomlán le héiglíocht choirp nó mheabhrach. Is í an asbhaint ná -

(a) an costas iarbhír tabhaithe; nó

(b) an uas-asbhaint de €50,000, cibé acu sin is ísle. Níl aon cheanglas ann chun an faoiseamh a chionroinnt bunaithe ar an tréimhse éagumais.

Nóta - Bliain chánach 2007 agus na blianta roimhe sin

Ceadaíodh an faoiseamh cánach don bhliain chánach inar tháinig éagumas iomlán ar an duine. Is í an asbhaint, áfach, ná -

(a) na costais iarbhír tabhaithe; nó

(b) an uas-asbhaint de €50,000, cibé acu sin is ísle, arna cionroinnt bunaithe ar líon na míosa ina raibh an duine faoi éagumas iomlán sa chéad bhliain.

Sampla - Bliain chánach 2007

Tá duine fostaithe ag an éilitheoir ag costas €4,500 in aghaidh na míosa chun cúram a thabhairt do dhuine cáilitheach faoi éagumas ar tháinig éagumas iomlán air nó uirthi ar 1 Bealtaine 2007. Is í an asbhaint chánach a bheidh dlite do 2007 ná -

(a) an costas iarbhír tabhaithe (€4,500 x 8 mí = €36,000); nó

(b) an uas-asbhaint de €50,000, cibé acu sin is ísle, arna cionroinnt bunaithe ar líon na míosa ina raibh an duine faoi éagumas buan (.i. €50,000 x 8/12 = €33,333).

Sa sampla seo, is é an faoiseamh cánach atá dlite ná €33,333 ag an ráta cánach is airde ag an éilitheoir.

Sampla - Bliain chánach 2008 agus na blianta ina dhiaidh sin
Ag úsáid an sampla thuas, is í an asbhaint i mbliana ná an costas iarbhír tabhaithe, m.sh. €36,000 nó €50,000 mar níl aon cheanglas ann chun an faoiseamh a chionroinnt bunaithe ar an tréimhse éagumais. Sa sampla seo, is é an faoiseamh ná €36,000 ag an ráta cánach is airde ag an éilitheoir.

Cad é an scéal má fhruilíonn beirt phearsa aonair nó níos mó duine chun aire a thabhairt do ghaol?

Má tá beirt phearsa aonair nó níos mó i dteideal an asbhaint seo a éileamh i leith na pearsan aonair éagumasaithe céanna, ansin -

(a) ní rachaidh comhiomlán na n-asbhaintí a dheonófar dóibh thar €50,000; agus

(b) beidh an faoiseamh a dheonófar do gach pearsa aonair i gcomhréir le méid an chostais fhostaíochta a d'íoc sé nó sí.

Nóta - Tá méid uasta an fhaoisimh a bheidh dlite deimhnithe i mBileog IT1 na gCoimisinéirí Ioncaim, "Tax Credits, Reliefs and Rates", a ndéantar nuashonrú air gach bliain.

Conas a dhéantar éileamh?

Féadfaidh tú éileamh ar fhaoiseamh a dhéanamh ach Foirm HK1, a cheanglaítear leis seo, a chomhlánú.

Os rud é go bhféadfaí d'éileamh a roghnú le haghaidh iniúchóireachta amach anseo, iarrtar ort an doiciméadú go léir i ndáil leis an éileamh seo a choinneáil go ceann tréimhse 6 bliana.

Conas a dheonaítear an faoiseamh cánach?

Más custaiméar IMAT tú, is féidir faoiseamh a éileamh le linn na bliana cánach agus méadófar do Dheimhniú Creidmheasa Cánach méid an fhaoisimh a bheidh dlite.

Ina mhalairt de chás, féadfaidh tú faoiseamh a éileamh ag deireadh na bliana cánach ach d'fhoirm P60 agus foirm do chéile nó do pháirtnéir shibhialta, más infheidhme, a chur isteach chuig d'oifigh Cánach Ioncaim.

Más custaiméar Féin-Mheasúnaithe tú, ba cheart an t-éileamh a dhéanamh mar chuid de do thuairisceán cánach bliantúil agus deonófar faoiseamh i d'Fhógra Measúnachta.

An foláir dom IMAT a fheidhmiú ar íocaíochtaí don chúramóir?
Más le háisíneacht nó trí áisíneacht nó trí eagras tráchtála eile a sholáthraítear seirbhísí an chúramóra, agus gurb í an áisíneacht nó an eagras tráchtála a íocann an cúramóir, is ar an eagraíocht sin atá an fhreagracht na hasbhaintí cánach ÁSPC agus an Muirear Sóisialta Uilíoch is gá a dhéanamh tríd an gcóras IMAT agus an cúramóir nó an cúramóirí á íoc.

I gcás go bhfostaíonn tú an cúramóir go díreach, áfach, beidh oibleagáidí áirithe ort mar fhostóir, lena n-áirítear clárú mar fhostóir agus asbhaintí cánach, ÁSPC agus Muirear Sóisialta Uilíoch a dhéanamh as an tuarastal a íoctar leis an gcúramóir. Tá foirm Chláraithe Cánach PREM Reg - Employer (IMAT/ÁSPC) ar fáil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag **www.revenue.ie** nó ó aon oifig de chuid na gCoimisinéirí nó trí ghlaoch ar an tSeirbhís Íosghlao Foirmeacha agus Bileog ar 1890 306 706 (+353 1 702 3050 ó áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).

Costais Sláinte - Faoiseamh cánach i leith an Altranais Tí i gcásanna trombhreoiteachta.
Ar leithligh agus ar leith ón bhfaoiseamh cánach maidir le cúramóir a fhostú mar a leagtar amach thuas, féadfar faoiseamh cánach faoin gceannteideal Costais Leighis ar Fhoirm MED 1 a éileamh i gcásanna trombhreoiteachta sa chás go bhfruilítear altra cáilithe ar chomhairle lia-chleachtóra chun altranas baile a sholáthar i leith duine éagumasaithe sa chás go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas -

(a) go soláthraítear teastas dochtúra -

- a thaispeánann ainm agus seoladh an othair lena mbaineann;
- a leagann amach nádúr bhreoiteacht an othair;
- a shonraíonn go bhfuil gá le buanchúram altranais le haltra cáilithe in áit chónaithe an othair;

(b) go gclúdaíonn an teastas dochtúra an tréimhse iomlán a bhfuil altranas baile á éileamh ina leith;

(c) gur altra cáilithe an t-altra a sholáthraíonn an cúram altranais agus go gcuirtear ainm iomlán an altra, a seoltaí agus sonraí na gcáilíochtaí ar fáil;

(d) go gcuirtear admhálacha ar fáil i leith na n-íocaíochtaí go léir a fhaigheann an t-altra, agus, más gá, go soláthraítear briseadh síos ar na híocaíochtaí.

Is féidir le duine faoiseamh cánach a éileamh ar chostais sláinte i leith duine ar bith ar choinníoll gur íoc sé nó sí as na costais. Féach bileog eolais IT6 (Medical Expenses Relief) atá ar fáil ar **www.revenue.ie** nó ó aon oifig de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim nó trí ghlaoch ar an tSeirbhís Íosghlao Foirmeacha agus Bileog ar 1890 306 706 (+353 1 702 3050 ó áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann).

Srian ama ceithre bliana - Ní mór éileamh ar fhaoiseamh ó cháin a dhéanamh laistigh de 4 bhliain ó dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh.

Inrochtaineacht - Más duine le míchumas tú agus go dteastaíonn an bhileog seo uait i bhformáid eile is féidir teagmháil adhéanamh le hOifigeach Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim ag **accessofficer@revenue.ie**

Breis Eolais

Tá an bhileog seo ann ar mhaithe le heolas ginearálta amháin. Chun tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar **www.revenue.ie** nó déan teagmháil le do Sheirbhís Íosghlao PAYE Réigiúnach dá dtugtar uimhir thíos (laistigh de Phoblacht na hÉireann amháin):

- **An Réigiún Teorann, Lár Tíre agus Iarthair** **1890 777 425**
  An Cábhán, Dún na nGall, Gaillimh, Liatrom, an Longfort, Lú, Maigh Eo, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach, an Iarmhí
- **Réigiún Bhaile Átha Cliath** **1890 333 425**
  Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath
- **Réigiún an Oirthir agus an Oirdheiscirt** **1890 444 425**
  Ceatharlach, Cill Dara, Cill Chainnigh, Laois, an Mhí, Tiobraid Árann, Port Láirge, Loch Garman, Cill Mhantáin
- **Réigiún an Iar-Dheiscirt** **1890 222 425**
  An Clár, Corcaigh, Ciarraí, Luimneach

Rátaí áitiúla a ghearrtar ar gach glao. Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh soláthróirí seirbhíse difriúla rátaí éagsúla a ghearradh ar uimhreacha 1890 a úsáid. Ó áiteanna lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh ar +353 1 702 3011 le do thoil.

Tá an bhileog seo ceaptha le cur síos ar an ábhar i dtéarmaí ginearálta. Mar sin, ní dhéantar iarracht inti gach ceist a d'fhéadfadh teacht chun cinn maidir leis an ábhar a chlúdach. Níl sí ceaptha bheith ina léirmhíniú dlíthiúil ar na forálacha reachtúla agus mar sin, ní féidir glacadh le haon dliteanas a thabhaítear nó aon chaillteanas a fhulaingítear toisc go rabhthas ag brath ar aon ábhar atá foilsithe istigh anseo.

Na Coimisinéirí Ioncaim
Méan Fómhair 2011